

Ceacht Péinte agus Dathanna le Naíonáin

‘Lá Breá Gréine sa Gháirdín’

Gemma Mc Girr

Snáth Curaclaim: Péint agus Dath (Curaclam Amharcealaíona Ich. 19)

Cuspóir: *Dath a úsáid chun mothúcháin, eispéiris agus samhlaíochtaí a léiriú go grinn (Ich. 19)*

Nasc: Fabraic agus Snáithín > Colláisi simplí a dhéanamh (Ich. 23)

Féidearthachtaí Imeasctha:

Teanga Labhartha: Díriú ar shonraí tuairisciúla agus tosú ar a bheith soiléir faoi dhaoine, áiteanna, amanna, próisis, imeachtaí, dath, cruth, méid, ionad (Ich. 20)

Eolaíocht: (1) Breathnú, plé agus aithint a dhéanamh ar réimse plandaí agus ainmhithe i ngnáthóga éagsúla sa timpeallacht láithreach (Ich. 24). (2) Nithe beo a shortáil agus a ghrúpáil i dtacair (Ich. 24)

Tireolaíocht: (1) Coinníollacha éagsúla aimsire a bhreathnú agus a phlé le teanga shimplí (Ich. 26)

(2) A aithint go bhfuil gaol ag patrúin áirithe aimsire le hathrú seasúrach agus idirdhealú a dhéanamh idir samhradh agus geimhreadh (Ich. 26)

Forbairt na Gníomhaíochta seo sa Rang:

Ábhair Riachtanacha: Páipéar

Pailéid

Pailéid nó plátaí breise, chun dathanna a mheascadh

Péint ghorm, bhuí, bhán agus dhubh

Soithigh uisce

Scuabanna éagsúla

Ceirteacha J-cloth

Spreagadh:

“Cad a bhíonn le feiceáil agat sa gháirdín ar lá breá gréine? Déan cur síos ar na bláthanna. Cad iad na dathanna a fheiceann tú? An bhfuil siad go léir mar an gcéanna? An bhfuil na bláthanna go léir cosúil le chéile? An bhfuil ainmhí, feithid nó éan ar bith ann? Cad iad na dathanna atá orthu? An dtéann duine ar bith isteach sa gháirdín? An imríonn tú aon chluiche ann? Ar ith tú sa gháirdín riamh? Cén chuid den gháirdín is fearr leat? An dtugann tú cabhair riamh leis an obair ann? Cén obair is fearr leat?”

Gníomhaíocht:

Tar éis caint faoin ngáirdín agus gach rud is maith leo a dhéanamh ann, déanann na leanaí péintéireachtaí bunaithe ar na híomhánna a bhfuil cuimhne acu orthu. Spreag iad chun labhairt faoina bpéintéireachtaí agus iad ag obair. Mar nach bhfuil ach na príomhdhathanna tugtha dóibh, gheobhaidh siad amach conas dathanna ‘nua’ a dhéanamh trí iad a mheascadh. (Cuireann sé seo sceitimíní orthu agus is iontach an rud é a fheiceáil agus a chloisteáil!) Nuair a bhíonn a bpéintéireachtaí críochnaithe ag na leanaí, síníonn siad iad mar a dhéanann ealaíontóirí!

Measúnú/ Ag Amharc agus ag Freagairt:

Beidh sé seo ag tarlú agus na leanaí ag obair. Nuair a bhíonn siad réidh, tabhair am dóibh chun a bpéintéireachtaí a phlé. Taitneoidh sé leo míniú a thabhairt faoi na ‘dathanna nua’ a chruthaigh siad trí na príomhdhathanna a mheascadh. Is féidir é seo a dhéanamh le ‘Cathaoir an Ealaíontóra’ mar a dtaispeánfaidh na leanaí a gcuid péintéireachtaí ar a seal agus tuairisc a thabhairt orthu. Cuir péintéireachtaí na leanaí ar taispeáint sa seomra ranga nó sa dorcha.

Spreg na leanaí chun freagairt do phéintéireachtaí ar nós 'Cailín le Canna Uiscithe' le Renoir, 'Teach i nGáirdín' le Pablo Picasso, 'Gáirdíní sa Deisceart' le Paul Klee agus 'Linn i nGáirdín' le Jane O'Malley

Gníomhaíochtaí breise:

Féadfaidh na leanaí colláis a dhéanamh den gháirdín ag úsáid páipéar síoda daite agus gearrtháin as irisí. Is féidir leo blúirí fabraicí agus snáithíní daite a chur isteach chomh maith.

Féidearthachtaí TCF:

Tabhair cuairt ar an suíomh idirlín

<http://www.nga.gov/kids/zone/collagemachine.htm>

Is cluiche idirghníomhach é seo ina ndéanann leanaí colláis le pictiúir de nithe faighte i ngáirdín. (Ní mór Shockwave a bheith ar do ríomhaire)

An DVD Is Ealaíontóir Mé

a Úsáid:

Tugann na cláir *Péint agus Dath* ar an DVD deiseanna chun leanaí a fheiceáil agus a chloisteáil ag plé dathanna agus a dtuairimí faoi iad a mheascadh.

Nóta:

Nuair a thosaigh mé ag múineadh ní raibh doirteall sa seomra ranga agam. D'úsáid mé dhá bhucéad - ceann lán d'uisce glan, ceann folamh. Athraíodh an t-uisce sa soitheach trí é a dhoirteadh isteach sa bhucéad folamh agus é a athlónadh ón gceann eile. (Laghdaíonn sé méiseáil sna dorchaí freisin). Is féidir buicéid a fháil ó óstáin agus bialanna - faigheann siad a gcuid maonáise go léir i mbucéid agus bíonn áthas orthu iad a thabhairt uathu. Is féidir seantuáillí a ghearradh suas le húsáid ag na boird agus tá siad go hiontach chun glanadh suas ag deireadh an cheachta.

Ealaíontóirí Ábhartha:

Auguste Renoir

Pablo Picasso

Paul Klee

Jane O'Malley

(Ealaíontóirí eile atá ábhartha dar leat féin)

Suíomhanna Idirlín Ábhartha:

Teach i nGáirdín le Pablo Picasso

<http://www.hermitagemuseum.org/fcgi-bin/db2www/fullSize.mac/fullSize?selLang=English&dViewId=U%2B40SQG00ONKYC9%2B23HE&size=big&selCateg=picture&dCategId=ZG%2B407FTFFVLT%2B234N5S&comeFrom=quick>

Cailín le Canna Uiscithe le Auguste Renoir

<http://www.renoir.org.yu/gallery.asp?id=1>

Gáirdíní sa Deisceart le Paul Klee

<http://www.sai.msu.su/wm/paint/auth/klee/klee.southern-gardens.jpg>

Linn i nGáirdín le Jane O'Malley

http://www.graphicstudiodublin.com/artists/jane_omalley.html